



19/11/2014



Taispeántas Gleasádai na Samhna

San eagrán seo:

Inside this issue:

Cruinnithe Tuismitheoirí Múinteoirí Parent Teacher Meetings	1
Luaithríona Sa Helix Cinderella the Panto	1
Polasaí Frithbhulaíochta Anti-bullying Policy	2
Scéalta Beaga Scoile	3
Obair Ealaíne Art Work	3
Cór na nÓg National Children's Choir	4
Boscaí Bróg na Nollag Christmas Shoe Box	4
Achainní Bia SVP SVP Food Appeal	4
Cúrsaí Spóirt Croabh Peile Football Final	4

NUACHTLITIR

Gaelscoil Thaobh na Coille

Beallairmín, An Chéim, B.A.C. 18

Cruinnithe Tuismitheoirí Múinteoirí Parent Teacher Meetings

Beidh na cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí ar siúl sa scoil ar an Déardaoin an 27 Samhain ó 2.45pm ar aghaidh. Tá clár ama chuimsitheach leagtha amach againn don lá a chinnteoidh nach mbeadh aon trasnú ar siúl idir ranganna san áit go bhfuil sibhlíni i gceist. Tá coinne 10 nóiméad an páiste tugtha do gach clann sa scoil le bearna 10 nóiméad idir gach coinne (le gur féidir le tuistí a mbealach a dhéanamh ag an gcéad choinne eile). Táim cinnte go dtuigeanne sibh cé chomh deacair is atá sé clár ama den tsórt seo a réiteach do 410 páiste agus dá bhrí sin iarraim oraibh cláí leis na hamannta atá socraithe díbh. Os rud é nach bhfuil agaibh ach 10 nóiméad leis an múinteoir ranga molaim díbh má tá aon cheist agaibh nó aon bhuairt nó ábhar imní oraibh gur mhaith libh a phlé leis an muinteoir, é a lú ag an túis ionas gur féidir leis an múinteoir diríú ar sin agus go mbainfidh sibh dá bhrí sin an leas is fearr as an gcuinniú.

Our Parent/Teacher meetings will be held in the school on Thursday next the 27th of November from 2.45pm onwards. We have ensured in preparing the timetable that no cross over occurs where siblings are concerned. Each family in the school has been allocated a 10 minute slot per child with a 10 minute ‘break’ between appointments (to allow parents make their way from one appointment to the next). I am sure you appreciate that preparing a timetable for 410 children is extremely complex and I would ask you there for to make every effort to adhere to your scheduled appointment. As your allotted time is quite short it would be a good idea to mention any specific worries, issues or queries you might have to the múinteoir at the start so that the Múinteoir can focus on those and in that way you can make the most of the meetings.

Is mise le meas

Emer Nic Chonchrada
Priomhoide

Luaithríona Geamaireacht sa HELIX

Beidh daltaí R1 go R6 ag dul go dtí an geamaireacht Luaithríona sa Helix ar an gCéadaoin an 3 Nollaig. Costas €15 an duine (ticéad & bus). Airgead le seoladh isteach go dtí an múinteoir ranga roimh an Aoine an 28 Samhain le bhúr dtoil.

R1 – R6 will be going to the Panto Cinderella in the Helix on Wednesday the 3rd of December. This trip will cost €15 per person (ticket & bus).

Please send in money to the class teacher before Friday 28th of November



Polasaí Frithbhulaíochta : Anti-bullying Policy

Déanadh Polasaí Frith-bhulaíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille a fhaomhadh go foirmeálta ag cruinníú Bord Bainistíochta na scoile ar an 20ú Deireadh Fómhair.

Is féidir teacht ar an bpolasaí ar shuíomh ghréasáin na scoile www.taobhnacoille.ie i rannóga ná bPolasaithe Scoile.

Tá sé fíor thábhachtach go mbeadh eolas ag tuistí uile na scoile ar a bhfuil sa pholasaí mar go mbeimíd ag brath ar chomhoibriú tuismitheoirí le tacú linn agus muid ag dul i ngleic le fadhbanna frith-bhulaíochta a réiteach.

The school's anti-bullying Policy was formally ratified at a Board of Management meeting that was held on the 20th of October.

The Anti-bullying policy can be accessed on the school's website www.taobhnacoille.ie in the 'School Policies' section.

It is extremely important that all parents familiarise themselves with the policy as we will need parental help and support when we are investigating and dealing with bullying behaviour.

Sainmhíniú ar Bhulaíocht

'Séard is bualaíochta ann ná : iompar diúltach neamhíarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Definition of Bullying

Bullying is defined as: unwanted negative behaviour, verbal, psychological or physical conducted by an individual or group against another person (or persons) and which is repeated over time

Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bualaíochta agus a dhiúltáí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir, cloí leis na príomhphrionsabail deachleachtais seo a leanas agus iompar bualaíochta á chosc agus á chomhrac.

- Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:
 - ina nglactar go fonnmar le difríocht & le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
 - ina spreagtar daltaí chun iompar bualaíochta a noctadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhaghach;
 - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;
- Ceannaireacht éifeachtach;
- Cur chuige scoile uile;
- Tuisint i bpáirt faoin rud is bualaíochta ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
- Straitéisí oideachais agus coiscthe a chur i bhfeidhm a chothaíonn
 - ionbhá, meas agus teacht aniar sna daltaí;
 - ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíochta agus le bualaíochta bunaithe ar fhéiniúlacht;
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaiochtaí don fhoireann;
- Eachtraí bualaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid)
- Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an polasaí frithbhulaíochta

The Board of Management recognises the very serious nature of bullying and the negative impact that it can have on the lives of pupils and is therefore fully committed to the following key principles of best practice in preventing and tackling bullying behaviour:

- *A positive school culture and climate which:-*
 - is welcoming of difference and diversity and is based on inclusivity;*
 - encourages pupils to disclose and discuss incidents of bullying behaviour in a non-threatening environment;*
 - promotes respectful relationships across the school community;*
- *Effective leadership;*
- *A school-wide approach;*
- *A shared understanding of what bullying is and its impact;*
- *Implementation of education and prevention strategies that*
 - builds empathy, respect and resilience in pupils;*
 - and explicitly address the issues of cyberbullying and identity-based bullying*
- *Effective supervision and monitoring of pupils*
- *Supports for staff;*
- *Consistent recording, investigation and follow up of bullying behaviour (including use of established intervention strategies); and*
- *on-going evaluation of the effectiveness of the anti-bullying policy*



Scéalta Scoile School News

- N1A Tá deirfiúr nua ag Juliette Ní Ghormáin - Eve is ainm di.
- N1B Tá rang N1B ag foghlaim faoi bhreith an linbh fosa, fadó fadó i mBeitheal.
- N1C Tá deartháir nua ag Leon Mac Domhnaill -Tadhg is ainm dó.
- N2A Tá deirfiúr nua ag Hannah de Barra - ‘Níl a fhios agam’ is ainm di!
- N2B Tháinig an Garda Pat isteach go rang N2B agus dúirt sé leis na páistí go raibh orthu ar fad uimhir mobile mam a fhoghlaim.
- R1A Tá R1A ag foghlaim + Móide & - Lúide sa mhatamaitic
- R1B Bhí Niamh & Maria Ní Uaithne sa séó ‘The King and I’ a bhí ar siúl sa Cheoláras Náisiúnta le déanai
- R2A Tá fiacla caillte ag gach duine i R2A!
- R2B Beidh Daniel Broaders ag bogadh go Trinidad sa Chairib i mí Feabhra
- R3A Is breá le R3A a bheith ag obair ar na ríomhairí.
- R3B Deir R3B go bhfuil siad an-ealaíonta & go mbionn siad ag obair go dian i gcónaí
- R4A Tá R4A ag foghlaim faoin Dara Cogadh Domhanda
- R4B Tá tionsnaimh ‘My Project’ déanta ag R4B sa bhéarla ar ábhar ar bith dá rogha féin
- R5 Rinne R5 Ollphéisteanna 3T bunaithe ar dhánta James Reeves.
- R6 Tá an t-ufás matamaitice á dhéanamh ag R6 faoi láthair.



Cén seansfocal atá crochta ar an mballa taobh amuigh d'oirfig an Phríomhoide?
Cérbh iad an bheirt chailín a ghléas mar chapall do thaispeántas ghléas-éadaí na Samhna? Féach grangraf ar leathanach 1




Cór Náisiúnta na nÓg National Children's Choir



Tá rang a 6 agus 5 ag glacadh páirt i gCór na n-Óg i mbliana. Tagann an an dá rang lé chéile gach Máirt ag 1:30 le cleachtadh ar feadh uair a chloig. Tá 18 amhrán le foghlaim againn. An t-amhrán is fearr le gach duine ná “The Rythm of Life” mar go bhfuil sé tapaidh agus is amhrán iontach é. Roinnt de na h-amhráin eile a chanamar ná “World in Union, Dún do Shúile & Siúil a Rún.

Tháinig ceithre scoil eile go dtí ár scoil ar an Mháirt seo chaithe agus bhí thart ar 250 páiste sa halla ag canadh agus ag cleachtadh le chéile ar feadh an lae! Bíonn an príomhoide ag stíradh agus bíonn an Múinteoir Ní Fhlóinn ag seinnt ar an bpianó. Beidh séó mór againn san Ionad Náisiúnta Cispheile i dTamlacht ag deireadh Mí Aibreán. Sin scéal Chór na n-Óg!



Obair Thógála
Building Works

Naíonra

Mary & Denise

Beidh an dá Naíonra ag bogadh amach as an scoil go luath agus isteach i seomraí réamhdhéanta a bheidh á chur ar an bhféar ag taobh na scoile.

The Naíonraí will be moving out of the school building shortly and into their own prefabricated classrooms that will be placed on the grass at the side of the building


Christmas Shoe Box Appeal

Beatha Teanga í a Labhairt

Boscaí Bróg na Nollag

Mile buíochas as na Boscaí Bróg ar fad a seoladh isteach don 'Team Hope' Christmas Shoe Box Appeal.

Many thanks to all who filled shoe boxes for the 'Team Hope' Christmas Shoe Box Appeal. Team Hope were very grateful for all the boxes received from Gaelscoil Thaobh na Coille.



Achainní Bia SVP 2014 Food Appeal

Tugann an SVP cúnamh do breis is 20,000 teaghlaigh in Éireann um Nollaig. Trí bia a chur ar fáil is féidir linn a chinntí go mbeidh dóthan bia ag na teaghlaigh sin ag an Nollaig. Dáilfear an bia seo ar pháistí agus ar theaghlaigh atá ar an ngannchuid tríd an gréasáin áitiúl atá ag an SVP. Le blianta beaga anuas tá Gaelscoil Thaobh na Coille ag tacú leis an bhfeachtas seo trí bhia /deochanna a bhailí ó na daltaí i rith mí na Nollag. Iarraimid ar éinne gur féidir leo bia neamh-mheatach ar bith a fhágáil 'sna boscaí SVP in aice le Stábla na Nollag sa phasáiste.

The Society of St Vincent de Paul provide help and assistance to needy families at Christmas. They distribute food hampers to underprivileged children and families through SVP's network of local conferences & volunteers. Over the last number of years we at Gaelscoil Thaobh na Coille have collected non-perishable food items from the pupils during the month of December to do our bit to help this very worthy cause. Non-perishable food item donations can be left in the SVP boxes beside the Christmas Crib in the hallway of the school in December.



www.svp.ie



Páirc an Chrócaigh

Ghlac cailíní R4-6 páirt i gcomórtas peile Corn an Chladaigh i mbliana. D'imir muid cluichí réamhbabhta i gcoinne Garrán Mhuire, Scoil Naithí agus Scoil Náisiunta Baile Rúán. Bhuamar cluiche dúshlánach i gcoinne Scoil San Treasa freisin. Sa chluiche leath chraobh, d'éirigh linn an ceann is fearr a bhaint amach ar Scoil Naomh Olaf. Bhí Páirc an Chrócaigh scroichte againn anois ar an 3/11/14 agus bhíomar ag súil go mór leis an gcarobh i gcoinne Scoil na Trionóide Naofa ó Domhnach Míde.

Bhí an teannas le mothú san aer. Chaith an réiteoir (Billy Ó Connell ó CLG Croí Ró Naofa) an liathróid suas ag a 12:20. Chuaigh 25 noiméad an taobh go tapaidh. Chailleamar an cluiche ach d'éirigh linn níos mó scóranna a fháil ná iad! Bhí an t-ádh leo.

Ba iad an Múinteoir Bróna Ní Bhaoill, Karl Priestly agus an Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh a bhí againn mar bhainisteoirí. Táimid fior-bhuioch as an traenáil ar fad a rinne siad linn.

Bhí cur síos ar an gcluiche 'sna nuachtáin náisiúnta - an Herald agus an Independent, agus bhí aimmneacha Rachel Ní Lionáin agus Róisín Ní Chathasaigh luate ann. Bhí an Múinteoir Ó Dhubhthaigh ag obair ar son Cumann na mBunscoil le linn na craobhacha.

Lá iontach a bhí ann, cé go raibh deora ann ag deireadh an chluiche mhothaíomar bródúil asaínn féin agus as an scoil! Maith sibh a chailíní !!!!

Scríofa ag : Emma Ní Bhraonáin, Rachel Ní Lionáin, Saoirse Ní Bhroin

